
# Teach Geata

Bhíothas ar an eolas go raibh teach geata ann ón 12ú haois luath, tráth ar dúnmharaíodh an constábla William Galrote, 'ag geata chúirt Shoird', dar leis na scéalta. Tugtar na 'Ridirí & Scuibhéirí' ar na fothracha taobh leis an teach geata. Teach trí stór a bhí ann ar dtús, ach athchóiríodh é cúpla uair. I gcúinne amháin, tá oigheann le líneáil brící ón 16ú haois fós le feiceáil.

# An Séipéal


Tá an Séipéal an-fheiceálach agus tú ag siúl i dtreo an Chaisleáin ón tSráid Mhór. Tá sé níos mó ná mar is gnách do shéipéal in áras cónaithe ardeaspaig. Ó 1995 i leith rinneadh athchóiriú mór air mar ar cuireadh isteach síleáil le bíomaí adhmaid. Féach suas agus feicfidh tú san áit a mbuaileann na bíomaí adhmaid na ballaí go bhfuil cloigne snoite adhmaid ann le haigheanna na ndaoine a d'oibrigh ann an tráth úd. Tá tíleanna nua ann anois a cruthaíodh ag úsáid na modhanna traidisiúnta agus a bunaíodh ar na cinn a fuarthas le linn thochailtí 1971.

Cuireadh isteach fuinneoga nua le híomhánna na gceithre shoiscéalaí Matha, Marcas, Lúcas agus Eoin. San fhuinneog mhór ar an taobh thuaidh tá crann Jesse, bunaithe ar an gceann in Ardeaglais Chartres. Síneann an t-áiléar adhmaid trasna chuig Bloc an tSeomra. Rinneadh mórathchóiriú ar an gcuid seo freisin, agus tá trí urlár cóiríochta ann. Ar leibhéal urlár na talún, baineadh úsáid as an bhfoghabhháltaisín már áis stórála. Os a chionn sin tá seomra, a dtéitear isteach ann ón staighre adhmaid lasmuigh, agus is dócha go raibh sé seo ina sheomra feithimh do chuairteoirí. Ar an dara hurlár tá seomra príobháideach an ardeaspaig áit ar chaith sé am lena chuairteoirí.



# Túr an Chonstábla

Tógadh an túr seo tráth a raibh daingniú á dhéanamh ar an gcaisleán, uair éigin tar éis na 1450í. Is dócha gurb é an tArdeaspag Richard Talbot nó a iartheachtaí Michael Tregury a chuir tús leis an daingniú sin, mar go bhfuair sé deontais chun deisiúcháin a dhéanamh ar a chaisleáin, le linn tréimhse círéipe sa tír. Athchóiríodh Túr an Chonstábla idir 1996 agus 1998. Cuireadh díon nua air. Baineadh úsáid as adhmad ón gcrann darach ó Dhiméin an Droichid Nua i gcomhair na n-urlár adhmaid. Tá dhá sheomra mhóra ann, in aice leis an losán – sin an leithreas meánaoiseach. Bhíodh fánán amach ann ón losán an tráth úd chun an dramhaíl a dhiúscairt lasmuigh den balla thuaidh.



# Imbhalla

Tá imbhalla fada peinteagánach, 300 méadar ar fhad, ag nascadh na bhfoirgneamh go léir. Cuimsíonn sé breis is acra talún agus téann le fána síos chuig an Abhainn an Bharda. Tá sé idir 3m agus 10m ar airde. As aolchloch atá an t-imbhalla déanta agus é coinnithe le chéile le moirtéal. Is léir gur tógadh é i gcodanna. Cé go bhfuil cíor lámhaigh agus forbhallaí air, is dócha gur úsáideadh an t-imbhalla chun beostoc a choinneáil laistigh seachas airm a choinneáil lasmuigh.



# Uaireanta Oscailte

## Márta go Deireadh Fómhair

**9.30am-6pm Máirt go Domhnach**

## Deireadh Fómhair go Márta

**9.30am - 4pm* Luan go Satharn**
**(laethanta saoire bainc as an áireamh)**

## Le haghaidh Turas

**Téigh i dteagmháil le Fingal Tourism**
**Teil: +353 1 8905144**
**R-phost:** ***info@fingaltourism.ie***

# Léarscáil den Suíomh

## Teacht ar Chaisleán Shoird:

**Ar an mbus –Uimhreacha 31, 31B, 33, 41**
***www.dublinbus.ie***
**Sa charr- M1, R132, R122**






# CAISLEÁN SHOIRD

PÁLÁS AN ARDEASPAIG

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council

# CAISLEÁN SHOIRD

Síneann stair Chaisleán Shoird siar breis is 800 bliain. Is é Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, John Comyn, a thóg an caisleán timpeall na bliana 1200, mar áras cónaithe agus mar ionad riaracháin. Tá an caisleán ar an eiseamláir is fearr atá fós ann de phálás ardeaspaig in Éirinn. Tar éis tochailtí a rinneadh ar an suíomh le déanaí, fuarthas reilig ón 11ú haois a bhí ann sular tógadh an Caisleán.

Bhíodh Caisleán Shoird ina theach mainéir agus ina ionad riaracháin, seachas ina fhoirgneamh cosantach nó ina chaisleán sa chiall a shamhlaítear le caisleán de ghnáth. Chuimsigh an mainéar sin achar mór de thailte talmhaíochta. Sa chaisleán féin i measc na ngníomhaíochtaí a bhíodh ar bun, bronnadh tailte, déileáladh le tionóntaí agus bailíodh airgead. Is ó mhaineár Shoird a tháinig beagnach leath d'ioncam bliantúil an ardeaspaig, arb ionann é agus tuairim is £6 mhilliún sa lá atá inniu ann.

I gcuntas a scríobhadh faoi Chaisleán Shoird sa bhliain 1326 tugtar le fios dúinn go raibh cistin, bácús, teach bainne, stáblaí agus ceardlann adhmadóireachta ann chomh maith le halla, séipéal, seomra agus gairdín an ardeaspaig. Bhíodh aonach ann gach Luan lasmuigh den chaisleán ar an tsráid mhór.  San fhianaise ó na tochailtí in 2015 ba léir go mbíodh portáin, oisrí agus éisc á n-ullmhú sa chlós duirleogach. Bhídís ag ithe muc agus éan uisce géim, ag bácáil arán bán agus ag iompórtáil fíona ó dheisceart na Fraince do bhord an ardeaspaig.


*Tíl urláir mheánaoiseach a aimsíodh le linn na tochailte in 2015*

Bhí foirgnimh tógtha ar an talamh ard ar an taobh thoir den láthair agus meastar gurb é sin an chuid is sine den ionad. Sna tochailtí a rinneadh in 1971 aimsíodh cosán maisithe meánaoiseach, cosúil leis an gceann in Ard-Eaglais Chríost. Sna 1500í tháinig laghdú ar luach réadmhaoin an ardeaspaig, d'ainneoin go raibh leas ag teaghlach áitiúil Barnewall sa tionóntacht, rud a d'fhág gur imigh an caisleán i léig agus fágadh é ina fhothracha ar deireadh thiar. Tráth ar cheannaigh teaghlach Cobbe Caisleán Shoird in 1830, teaghlach arb leo Teach an Droichid Nua, Domhnach Bat,  bhain siad úsáid as mar thalamh féaraigh agus chun úllord a chur.

